NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

ceardlann
01

FÓCAS AR AN BHFOGHLAIM

# INTINNÍ FOGHLAMA & CRITÉIR RATHA

# Sa cheardlann seo táimid ag foghlaim  chun…

- a thuiscint cad is intinní foghlama agus critéir ratha ann
- bheith in ann intinní foghlama agus critéir ratha a aithint agus a cheapadh
- bheith in ann intinní foghlama agus critéir ratha a úsáid inár seomra ranga féin

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Cén fáth a bhfuil intinní foghlama agus critéir ratha tábhachtach?

‘Má tá foghlaimeoirí chun níos mó freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama féin, is den riachtanas é go mbíonn a fhios acu cad é atá siad ag dul a fhoghlaim, conas a aithneoidh siad nuair a éireoidh leo agus cén fáth ar chóir dóibh é a fhoghlaim sa chéad dul síos.’

(An Introduction to AfL, Learning Unlimited, 2004)

**Intinní foghlama**
*‘Cad é’* agus *‘Cén fáth’*

→

**Critéir ratha**
*‘Conas rath a aithint’*

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Cad is intinní foghlama ann?

- Is éard atá in intinní foghlama ráitis a chuireann síos ar na gníomhaíochtaí foghlama/tascanna a mbeidh ceacht nó sraith ceachtanna ag díriú orthu.
- Is minic a dhéantar nasc idir iad agus toradh foghlama amháin nó níos mó ná sin.
- Sainíonn intinní foghlama freisin an fhoghlaim nua a bheidh ag tarlú sa rang.

# Bíonn intinní foghlama éifeachtach nuair ...

1. A shainíonn siad **an rud** a bheidh scoláirí a **fhoghlaim**
   (Táimid ag foghlaim chun…)
2. A mhíníonn siad an **fáth** leis an fhoghlaim
   (Tá seo amhlaidh mar…)
3. **A chomhroinneann siad** agus, nuair is cuí, a **idirbheartaíonn** siad an fhoghlaim agus an fáth leis na scoláirí ag tús an cheachta nó na gníomhaíochta
4. A chuirtear i láthair iad **i dteanga** a thuigeann scoláirí
5. **A bhreathnaítear arís orthu** le linn na gníomhaíochta/an cheachta

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Coinnigh cuimhne– Cad is Foghlaim ann?

- Eolas agus tuiscint
- Scileanna (Dírigh ar phríomhscileanna nuair is féidir)
- Dearcthaí agus meonta

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Critéir ratha

Intinní foghlama

*'Cad é'* agus *'Cén fáth'*

→

Critéir ratha

*'Conas rath a aithint'*

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Cén fáth a bhfuil critéir ratha tábhachtach?

- Cuireann siad le tuiscint
- Cumasaíonn siad scoláirí
- Spreagann siad foghlaim neamhspleách
- Fágann siad gur féidir aiseolas éifeachtach a bheith ann

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Critéir le haghaidh ratha ...

- **nasctar** iad leis na hintinní foghlama
- baineann siad go sonrach le gníomhaíocht / tasc
- **pléitear agus comhaontaítear** iad le scoláirí sula dtugtar faoi ghníomhaíocht / faoi thasc
- tugann siad **scafláil** agus fócas do scoláirí agus iad ag dul do ghníomhaíocht / do thasc
- úsáidtear iad mar bhonn **d'aiseolas**, piarmheasunú agus féinmheasúnú.

# Achoimre

Mar sin, chun níos mó freagrachta a ghlacadh as a gcuid foghlama féin, ní mór do scoláirí fios a bheith acu:

- **cad é** atá siad ag dul a fhoghlaim
- **conas** a aithneoidh siad nuair a d'éirigh leo
- **cén fáth** ar chóir dóibh é a fhoghlaim sa chéad dul síos

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Achoimre ar lean

Nuair a úsáidtear intinní foghlama agus tréithe cáilíochta:

- bíonn scoláirí níos féin-inspreagtha
- bíonn scoláirí in ann bheith ina bhfoghlaimeoirí neamhspleácha
- bíonn tuiscint níos fearr ann
- cabhraíonn sé chunfócas a bheith leis an aiseolas

# Plé

Cad iad na príomhbhuntáistí agus na príomhdhúshláin a bhaineann leis an gcur chuige seo a thabhairt isteach i do rang féin, dar leat?

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment